

Roinn 1



Riachtanais vs Mianta Cás-Staidéar - Gníomhaíocht 1

Seán

Freastalaíonn Séan ar an meánscoil - atá 5km óna theach. Tá sé ar intinn aige rothar nua a cheannach le tabhairt faoina thuras laethúil. Tá taighde déanta aige agus bunaithe ar an taighde sin tá rogha le déanamh aige idir rothar sléibhe ar luach €799 agus gnáthrothar bóthair ar luach €380. Is aoibhinn leis cluichí ríomhaire agus ceannaíonn sé cluiche nua gach mí. Ach rinneadh damáiste dá chonsól le déanaí agus caithfeadh ceann nua a fháil ina áit. Téann sé chuig an bpictiúrlann dhá uair sa mhí agus baineann sé taitneamh as grán rósta agus uachtar reoite nuair bhíonn sé ann. Déanann sé traenáil faoi dhó sa tseachtain lena chumann leadóige áitiúil. Níl na sreangáin ag feidhmiú mar is ceart ar a raicéad agus caithfidh sé cinn nua a fháil roimh a chéad chluiche eile.

Caithfidh Séan cinneadh a dhéanamh faoin rothar, a imreoidh tionchar ar na roghanna eile a bheidh le déanamh aige lena chaithimh aimsire eile.

Smaoinigh-Péireáil-Roinn

Déan plé ar riachtanais agus mianta Sheáin agus líon an léaráid thíos.



Mianta

Riachtanais

